Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Iascach

2024/0224(COD)

20.01.2025

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe
(COM(2024)0407 – C10-0098/2024 – 2024/0224(COD))

an Coiste um Iascach

Rapóirtéir don tuairim: Thomas Bajada

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 17

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 19

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe (COM(2024)0407 – C10-0098/2024 – 2024/0224(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0407),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0098/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an xx Nollaig 2025[1],

– ag féachaint do Riail 60 agus do Riail 41 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C xxx, 3.12.2024, ELI: xx.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982[1] (‘UNCLOS’) agus sa Chomhaontú maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mórimirceach an 4 Lúnasa 1995[2] (‘UNFSA’) a chur chun feidhme, tá gá le comhar na dtíortha uile a saothraíonn a gcabhlaigh ***an stoc sin chun*** stoic éisc traslimistéir áirithe agus stoic éisc mhórimirceacha áirithe a bhainistiú.	(1) I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982[1] (‘UNCLOS’) agus sa Chomhaontú maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mórimirceach an 4 Lúnasa 1995[2] (‘UNFSA’) a chur chun feidhme, tá gá le comhar na dtíortha uile a saothraíonn a gcabhlaigh stoic éisc traslimistéir áirithe agus stoic éisc mhórimirceacha áirithe ***chun an stoc sin*** a bhainistiú. ***Féadfar an comhar sin a bhunú faoi chuimsiú na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (‘ERBInna’) nó, i gcás nach bhfuil inniúlacht ag ERBInna maidir leis an stoc i gceist, trí bhíthin socruithe ad hoc i measc na dtíortha a bhfuil leas acu san iascach lena mbaineann.***
[1] Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige IO L 179, 23.6.1998, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1998/392/oj?locale=ga.	[1] Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige IO L 179, 23.6.1998, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1998/392/oj?locale=ga.
[2] An Comhaontú maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Mórimirceach Éisc a chur chun feidhme, IO L 189, 3.7.1998, lch. 17.	[2] An Comhaontú maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Mórimirceach Éisc a chur chun feidhme, IO L 189, 3.7.1998, lch. 17.
	Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012[3] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bunaítear creat chun go mbeifear in ann bearta a shainaithint agus a ghlacadh maidir le tríú tíortha nach n-oibríonn i gcomhar agus a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe a dhéanamh ar stoc éisc ar leas coiteann don Aontas é.	(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012[3] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bunaítear creat chun go mbeifear in ann bearta a shainaithint agus a ghlacadh maidir le tríú tíortha nach n-oibríonn i gcomhar agus a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe a dhéanamh ar stoc éisc ar leas coiteann don Aontas é.
[3] Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe (IO L 316, 14.11.2012, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1026/oj?locale=ga.)	[3] Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe (IO L 316, 14.11.2012, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1026/oj?locale=ga.)

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 féadfar tír a shainaithint mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe más rud é, i measc nithe eile, nach n-oibríonn sí i gcomhar chun stoc éisc leasa choitinn a bhainistiú i gcomhréir iomlán le forálacha UNCLOS agus UNFSA, nó le haon chomhaontú idirnáisiúnta eile nó norm den dlí idirnáisiúnta ***agus*** mura nglacann sí na bearta bainistithe iascaigh ***is gá***.	(3) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 féadfar tír a shainaithint mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe más rud é, i measc nithe eile, nach n-oibríonn sí i gcomhar chun stoc éisc leasa choitinn a bhainistiú i gcomhréir iomlán le forálacha UNCLOS agus UNFSA, nó le haon chomhaontú idirnáisiúnta eile nó norm den dlí idirnáisiúnta***, nó*** mura nglacann ***agus comhlíonann*** sí na bearta bainistithe iascaigh ***ábhartha***.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Ba cheart ***sainmhíniú*** ar 'neamhoibriú i gcomhar' a thabhairt isteach, chun sainiú níos fearr a dhéanamh, chun críoch Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012, ar raon feidhme agus ar bhrí an cheanglais maidir le hoibriú i gcomhar de bhun UNCLOS agus UNFSA.	(4) Ba cheart ***sainmhínithe*** ar 'mainneachtain comhoibriú' ***agus 'an chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil'*** a thabhairt isteach, chun sainiú níos fearr a dhéanamh, chun críoch Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012, ar raon feidhme agus ar bhrí an cheanglais maidir le hoibriú i gcomhar de bhun UNCLOS agus UNFSA.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Is gá a shoiléiriú freisin go bhféadfar a mheas gur tír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe í, mura gcuireann sí na bearta bainistithe iascaigh is gá chun feidhme, ***agus go*** n-áirítear ***bearta rialaithe sna bearta sin***.	(5) Is gá a shoiléiriú freisin go bhféadfar a mheas gur tír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe í ***tír***, mura gcuireann sí na bearta bainistithe ***nó rialaithe*** iascaigh is gá chun feidhme, ***lena*** n-áirítear ***faoi chuimsiú ERBInna***.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Is iomchuí freisin na nósanna imeachta a threisiú sula nglacfar bearta i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe agus i ndiaidh na	(6) Is iomchuí freisin na nósanna imeachta a threisiú sula nglacfar bearta i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe agus i ndiaidh na

mbeart sin a ghlacadh.	mbeart sin a ghlacadh***, lena n-áirítear faoi chuimsiú ERBInna***.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):
(b) ciallaíonn "speicis bhainteacha" aon iasc a thagann ón éiceachóras céanna leis an stoc ar leas coiteann é agus a dhéanann seilg ar an stoc sin, a ndéanann an stoc sin seilg air, a théann in iomaíocht leis le haghaidh bia agus spáis mhaireachtála nó atá sa limistéar céanna iascaireachta agus a shaothraítear nó a thógtar isteach go taismeach san iascach céanna nó sna hiascaigh chéanna;	"(b) ciallaíonn "speicis bhainteacha" aon iasc a thagann ón éiceachóras céanna leis an stoc ar leas coiteann é agus a dhéanann seilg ar an stoc sin, a ndéanann an stoc sin seilg air, a théann in iomaíocht leis le haghaidh bia agus spáis mhaireachtála nó atá sa limistéar céanna iascaireachta agus a shaothraítear***, ar foghabháil é an iasc sin,*** nó a thógtar isteach go taismeach san iascach céanna nó sna hiascaigh chéanna;’

Or. en

(32012R1026)

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) in Airteagal 2, cuirtear ***an pointe (i)*** seo a leanas leis:	(1) in Airteagal 2, cuirtear ***na pointí*** seo a leanas leis:

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1

Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012
Airteagal 2 – mír 1 – pointe i – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) ciallaíonn ‘neamhoibriú i gcomhar’ gan bheith rannpháirteach de mheon macánta agus comhairliúcháin fhóinteacha a bheith ann***, ina ndéantar iarracht shubstaintiúil***, d’fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis na bearta bainistithe iascaigh is gá a ghlacadh; samplaí de mhainneachtain comhoibriú is ea iad seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:	(i) ciallaíonn ‘mainneachtain comhoibriú’ ***tríú tíortha*** gan bheith rannpháirteach de mheon macánta agus comhairliúcháin fhóinteacha a bheith ann ***leis na Stáit chósta agus/nó comhpháirtithe iascaireachta ábhartha uile, lena n-áirítear faoi chuimsiú ERBInna***, d’fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis na bearta bainistithe iascaigh is gá a ghlacadh; samplaí de mhainneachtain comhoibriú is ea iad seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012
Airteagal 2 – mír 1 – pointe i – pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) moilleanna míchuí;	(4) moilleanna míchuí ***ar fhreagairt d’iarrataí***;

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012
Airteagal 2 – mír 1 – pointe i – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) iarrataí míréasúnta ar fhaisnéis;	(5) iarrataí míréasúnta ar fhaisnéis ***nó ar bhearta le glacadh, lena n-áirítear spriocdhátaí míréasúnta chun freagairt nó gníomhú***;

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012
Airteagal 2 – mír 1 – pointe i – pointe 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a) bearta nó cuótaí aontaobhacha a ghlacadh nach bhfuil ar aon dul leis na bearta nó cuótaí a comhaontaíodh go déthaobhach nó go hiltaobhach.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012
Airteagal 2 – mír 1 – pointe i a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ia) Ciallaíonn "an chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil" comhairle eolaíoch a bhfuil teacht ag an bpobal uirthi agus a dtugtar tacaíocht di leis na sonraí eolaíocha agus na modhanna eolaíocha is nua-aimseartha dá bhfuil ann agus atá eisithe nó athbhreithnithe ag comhlacht eolaíoch neamhspleách atá aitheanta ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal idirnáisiúnta.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) in Airteagal 3(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):	***scriosta***
"(i) nach ndéanann sí na bearta bainistithe iascaigh is gá a ghlacadh nó a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta rialaithe chun caomhnú agus bainistiú éifeachtach stoc éisc leasa choitinn a áirithiú; nó';	

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012
Airteagal 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:
Airteagal 3	***'Airteagal*** 3
Tíortha cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe	Tíortha cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe
Féadfar tír a shainaithint mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe i gcás:	Féadfar tír a shainaithint mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe i gcás:
(a) ina mainníonn sí comhoibriú chun stoc ar leas coiteann é a bhainistiú agus forálacha UNCLOS agus UNFSA á gcomhlíonadh go hiomlán, nó le forálacha aon chomhaontaithe idirnáisiúnta eile nó aon norm den dlí idirnáisiúnta; ***agus***	(a) ina mainníonn sí comhoibriú chun stoc ar leas coiteann é a bhainistiú agus forálacha UNCLOS agus UNFSA á gcomhlíonadh go hiomlán, nó le forálacha aon chomhaontaithe idirnáisiúnta eile nó aon norm den dlí idirnáisiúnta; ***nó***
(b) ***comhlíontar (i) nó (ii):***	(b) go mainníonn sí bearta bainistíochta iascaigh riachtanacha***, nó na bearta sin arna gcomhaontú go déthaobhach nó go hiltaobhach*** a ghlacadh ***nó a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta rialaithe chun caomhnú agus bainistiú éifeachtach stoc éisc, ar***

	leasa choitinn iad, a áirithiú; ***nó***
(i) go mainníonn sí bearta bainistíochta iascaigh riachtanacha a ghlacadh; ***nó***	
(ii) go nglacann sí bearta bainistíochta iascaigh gan aird chuí a thabhairt ar chearta, dualgais agus leasanna tíortha eile agus an Aontais, agus go dtagann de na bearta bainistíochta iascaigh sin, arna mbreithniú i dteannta beart arna ndéanamh ag tíortha eile agus ag an Aontas, gníomhaíochtaí iascaireachta a bhféadfadh staid neamh-inbhuanaithe an stoic a bheith de thoradh orthu. Meastar an coinníoll seo a bheith comhlíonta freisin sa chás, maidir leis na bearta bainistíochta iascaigh arna nglacadh ag an tír sin, nár tháinig díobh ***bainistíocht*** neamh-inbhuanaithe ach amháin de thoradh beart arna nglacadh ag tíortha eile agus dá dtoradh sin amháin***.***	***(c)*** go nglacann sí bearta bainistíochta iascaigh gan aird chuí a thabhairt ar chearta, dualgais agus leasanna tíortha eile agus an Aontais, agus go dtagann de na bearta bainistíochta iascaigh sin, arna mbreithniú i dteannta beart arna ndéanamh ag tíortha eile agus ag an Aontas, gníomhaíochtaí iascaireachta a bhféadfadh staid neamh-inbhuanaithe an stoic a bheith de thoradh orthu. Meastar an coinníoll seo a bheith comhlíonta freisin sa chás, maidir leis na bearta bainistíochta iascaigh arna nglacadh ag an tír sin, nár tháinig díobh ***staid*** neamh-inbhuanaithe ***an stoic*** ach amháin de thoradh beart arna nglacadh ag tíortha eile agus dá dtoradh sin amháin***; nó***
	(d) go mainníonn sí go córasach comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha a chomhlíonadh, trí mhainneachtain gníomh éifeachtach nó tráthúil a dhéanamh in aghaidh a náisiúnach nó a soitheach faoi bhratach, ar measadh go ndearna siad iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte nó go ndearna siad gníomh i gcontrártha leis na bearta bainistithe iascach arna mbunú leis na comhaontuithe sin.'

Or. en

(32012R1026)

Réasúnú

Rinne an Rapóirtéir athstruchtúrú ar Airteagal 3 chun critéir chomhionanna a bhunú ar mhaithe lena n-áirithiú go léirmhínítear gach gníomh liostaithe mar réasúnú bailí chun trír a mheas mar thír a cheadaíonn cleachtais iascaireachta neamh-inbhuanaithe. Thairis sin, cuireadh critéar nua leis chun aghaidh a thabhairt go sonrach ar easpa gníomhaíochta in aghaidh soithigh a bhí bainteach le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN).

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	"2a. I gcás ina dtagann stoc ar leas coiteann é faoi chuimsiú ERBI, roimh dó bearta dá dtagraítear in Airteagal 4 a ghlacadh, cuirfidh an Coimisiún in iúl sa chomhlacht ábhartha go bhfuil neamhchomhlíonadh á cheadú ag tríú tír, chun réiteach tráthúil ar an neamhchomhlíonadh a lorg. I gcás neamhchomhlíonadh córasach agus mainneachtain chórasach teacht ar réiteach, gníomhóidh an Coimisiún ar bhonn na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 4.'

Or. en

(32012R1026)

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b
Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012
Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Sula nglacfaidh an Coimisiún bearta dá dtagraítear in Airteagal 4, tabharfaidh sé deis ***réasúnach*** don tír lena mbaineann freagra a thabhairt i scríbhinn ar an bhfógra agus aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar.	3. Sula nglacfaidh an Coimisiún bearta dá dtagraítear in Airteagal 4, tabharfaidh sé ***an*** deis don tír lena mbaineann freagra a thabhairt i scríbhinn ar an bhfógra agus aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe c – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) cuirtear ***isteach*** na míreanna ***(4), (5) agus (6)*** seo a leanas:	(c) cuirtear na míreanna seo a leanas ***leis***:

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe c
Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012
Airteagal 6 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tabharfaidh an Coimisiún ***am leordhóthanach*** don tír lena mbaineann chun freagra a thabhairt ar an bhfógra agus ***tréimhse réasúnta*** chun an fhadhb a réiteach.	4. Tabharfaidh an Coimisiún ***uasmhéid de 90 lá*** don tír lena mbaineann chun freagra a thabhairt ar an bhfógra agus ***uasmhéid breise de 90 lá ó dháta an fhreagra sin*** chun an fhadhb a réiteach.

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe c
Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012
Airteagal 6 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Tar éis bearta a ghlacadh de bhun Airteagal 4, leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil ***leis an tír lena mbaineann***, d'fhonn go scoirfidh an tír ***sin*** d'iascaireacht neamh-inbhuanaithe a cheadú.	5. Tar éis bearta a ghlacadh de bhun Airteagal 4, leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil ***go déthaobhach, go hiltaobhach nó le comhlacht comhlíontachta an ERBI ábhartha***, d'fhonn go scoirfidh an tír ***lena mbaineann*** d'iascaireacht neamh-inbhuanaithe a cheadú.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012
Airteagal 7 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(3a) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Scoirfidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4 d'fheidhm a bheith acu tráth a dhéanfaidh an tír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe bearta ceartaitheacha iomchuí a ghlacadh, ar bearta iad is gá chun an stoc ar leas coiteann é a chaomhnú agus a bhainistiú, agus ar bearta ceartaitheacha iad:	"1. Scoirfidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4 d'fheidhm a bheith acu tráth a dhéanfaidh an tír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe bearta ceartaitheacha iomchuí a ghlacadh, ar bearta iad is gá chun an stoc ar leas coiteann é a chaomhnú agus a bhainistiú, agus ar bearta ceartaitheacha iad:
(a) a glacadh go huathrialaitheach, nó a comhaontaíodh i gcomhthéacs comhairliúcháin leis an Aontas agus, más infheidhme, le tíortha eile lena mbaineann; agus	(a) a glacadh go huathrialaitheach, nó a comhaontaíodh i gcomhthéacs comhairliúcháin leis an Aontas agus, más infheidhme, le tíortha eile lena mbaineann ***nó faoi chuimsiú ERBInna***; agus
(b) nach mbainfidh an bonn d'éifeacht beart arna nglacadh ag an Aontas go huathrialaitheach nó i gcomhar le tíortha eile, chun críche chaomhnú na stoc éisc lena mbaineann.	(b) nach mbainfidh an bonn d'éifeacht beart arna nglacadh ag an Aontas go huathrialaitheach nó i gcomhar le tíortha eile ***nó faoi cuimsiú ERBInna***, chun críche chaomhnú na stoc éisc lena mbaineann.'

Or. en

(32012R1026)

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is uirlis ríthábhachtach é an rialachán seo faoi chreat rialachais idirnáisiúnta iascaigh an Aontais, a dearadh chun a shásraí a áirithíonn bainistiú inbhuanaithe stoc éisc a treisiú. Feidhmíonn sé mar bhunchloch a chothaíonn comhar idirnáisiúnta i leith na hinbhuanaitheachta, lena dtugtar aghaidh ar neamhchomhlíonadh agus lena gcosnaítear leasanna fadtéarmacha iascairí an Aontais.

Is é an aidhm atá ag an Rapóirtéir, i measc aidhmeanna eile, ná **acmhainneacht** na huirlise sin a fheabhsú. Féachann an Rapóirtéir lena áirithiú go bhfuil creat láidir cuimsitheach ag an Aontas chun dul i ngleic leis na dúshláin reatha agus amach anseo arna gcruthú ag **gach** comhpháirtí déthaobhach agus iltaobhach, agus ról na gcomhlachtaí comhlíontachta laistigh de na heagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh (ERBInna). Dá bhrí sin, is é is aidhm leis an tuarascáil seo ná straitéis rialachais idirnáisiúnta iascaigh an Aontais a neartú agus a chuspóirí fadtéarmacha do bhainistíocht inbhuanaithe chothrom iascaigh a dhaingniú.

Molann an Rapóirtéir na hathruithe atá beartaithe ag an gCoimisiún ar Airteagal 3 maidir le sainaithint tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe, chomh maith le hAirteagal 6 lena mbunaítear gníomhartha le déanamh roimh bhearta a ghlacadh agus ina dhiaidh, agus tá cinneadh déanta aige forálacha níos soiléire agus níos cuimsithí a thabhairt isteach chun **cuntasacht** a neartú.

I measc nithe eile, tugann an Rapóirtéir chun suntais a thábhachtaí atá sé gníomhú in aghaidh **éilimh míréasúnta** ó thríú tíortha, a d'fhéadfadh leasanna straitéiseacha an Aontas agus a iascairí a chur i mbaol. Le forálacha arb é is aidhm leo bac a chur ar iarrataí agus spriocdhátaí nach bhfuil údar cuí leo, cosnaítear cothromaíocht na caibidlíochta agus leasanna iascairí an Aontais. Ina theannta sin, tugann leasuithe an Rapóirtéara aghaidh ar neamhchomhlíonadh ag ár gcomhpháirtithe, agus dá bhrí sin tacaítear le hiarrachtaí idirnáisiúnta inbhuanaitheachta chun ár n-aigéin a chosaint, agus cosnaítear leasanna iascairí an Aontais freisin. Le chéile, bunaítear leis na hathruithe sin creat caibidlíochta níos cuimsithí agus níos straitéisí lenár gcomhpháirtithe.

Measann an Rapóirtéir gur ríthábhachtach go neartófar ról na gcomhlachtaí comhlíontachta faoi chuimsiú **ERBInna** agus measann sé nach n-úsáideann an Coimisiún an uirlis rialachais idirnáisiúnta iascaigh sin go leor. Sula ndéanfaidh sé beart breise, is féidir leis an Aontas comhar idirnáisiúnta a úsáid ar bhealach níos fearr i mbainistíocht inbhuanaithe iascaigh, trí thríú tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe a thabhairt chun cuntais, laistigh de na comhlachtaí iltaobhacha sin. Is é is aidhm leis na leasuithe beartaithe ná ERBInna a chomhtháthú ar bhealach níos éifeachtaí mar uirlis chomhlíontachta laistigh de straitéis rialachais idirnáisiúnta iascaigh an Aontais, lena mbaintear amach a n-acmhainneacht iomlán chun cleachtais iascaireachta neamh-inbhuanaithe a chomhrac. Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir a thábhachtaí atá na hathruithe reachtacha sin chun gníomhaíocht fhollasach ag an gCoimisiún a spreagadh ar mhaithe le héifeachtacht ERBInna a fheabhsú, inbhuanaitheacht chomhshaoil a fheabhsú agus ceartas sóisialta a áirithiú d'iascairí an Aontais.

Trí **shainmhíniú soiléir ar 'an chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil'** a thabhairt isteach, tugtar aghaidh ar bhearna ríthábhachtach sa reachtaíocht atá ann cheana. Leis an leasú seo, áirithítear comhsheasmhacht agus soiléireacht níos fearr ar fud na bhforálacha uile, agus

cuirtear cosc leis an débhríocht sa cinnteoireacht. Trí chinntí bainistíochta iascaigh a bhunú ar phrionsabail fhónta eolaíocha, neartaíonn an tAontas críochnúlacht dhlíthiúil agus eolaíoch na ngníomhaíochtaí caomhnaithe araon. Dá réir sin, cuireann sé sin feabhas ar éifeachtacht fhadtéarmach iarrachtaí inbhuanaitheachta an Aontais.

Mar fhocal scoir, creideann an Rapóirtéir go bhfuil acmhainneacht ag na leasuithe beartaithe uirlis níos láidre agus níos cuimsithí a dhéanamh den rialachán seo don Aontas a sheasfaidh an aimsir. Leis an leasú, chuirfí ár n-iarrachtaí i dtreo cur chuige réamhghníomhach, seasmhach agus cothrom chun cinn i leith bainistíocht iascaigh, lena ndaingneofaí staid an Aontais mar cheannasaí domhanda sa rialachas inbhuanaithe idirnáisiúnta iascaigh.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé aon ionchur ó eintiteas ná ó dhuine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.